

TÉAMAÍ LE BREITHNIÚ

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist).

Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

I. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Tá siad i gceart ach is gá cuir leo tríd an freagrach seo a chur ar an gcéad pointe teagmhála don bpobal, sé sin ag an bhfáiltiú nó Deasc Sheirbhísí Chustaiméara Chomhlachtaí Poiblí, ach a chinntiú go mbeidh Gaeilge líofa ag gach oifigeach a oibríonn ag an Deasc tríd próiseas nua earcaíochta, mar atá molta ag an gCoimisinéir Teangan.

- A. **Moladh:** Go mbunófaí **Deasc Sheirbhísí Chustaiméara** lárnach de réir dea-chleachtas i ngach Comhlacht Poiblí chun freastal ar fhiosrúcháin ón bpobal sa dá theanga oifigiúil.
- B. **Moladh:** Go gcuirfí **Próiseas Earcaíochta Náisiúnta Nua** in áit a chinnteoidh go ndéanfar céatadán ard daoine le líofacht sa Ghaeilge a earcú isteach sa tSeirbhís Phoiblí (nuair a thosnaíonn cúrsaí earcaíochta athuair), rud a chinnteoidh gur féidir le na Comhlachtaí Poiblí seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar don bpobal.

Le **Deasc Sheirbhísí Chustaiméara Dhátheangach** agus **Próiseas Nua Earcaíochta** is féidir ...

- le foireann oifigigh cuid mhór de chúram Gaeilge an Chomhlachta Poiblí a chomhlíonadh ag an líne tosaigh ar fón, ar ríomhphoist, ag déileáil le custaiméirí ón gcuntar poiblí nó tríd an post,
- foireann oifigigh don gcúram seo a aithint go soiléir agus iad a earcú dá réir,
- foireann oifigigh a uasoiliúint i réimse leathan cúraimí/seirbhísí rud a chuirfidh seirbhís níos iomláine agus níos fearr ar fáil don gcustaiméir, ní amháin trí Ghaeilge ach trí Bhéarla chomh maith,
- gearradh siar ar an méid ama a chaitear ag oiliúint baill foirne le Gaeilge agus na costaisí airgid agus am oibre a bhaineann le sin,
- go mbeadh Gaeilge mar theanga oibre na foirne seo, rud a chabhróidh leo caighdeán ard Ghaeilge a choimeád mar aon le héileamh ar na seirbhísí Gaeilge a chothú,
- foirmeacha agus bileoga eolais dátheangacha a eisiúint ón nDeasc Sheirbhísí,
- foilseacháin dátheangach an Chomhlachta a eisiúint ón nDeasc Sheirbhísí,
- bunseirbhísí Gaeilge na Comhlachta Poiblí don bpobal a aithint go soiléir,
- taifid a choimeád ar éileamh an phobail ar na seirbhísí seo gan mórán dua.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht. Dualgais reatha faoin Acht:

• Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Tá siad i gceart ach soiléiriú a dhéanamh ar na cáipéisí sin. Is féidir sin a dhéanamh tríd liosta cáipéisí a aontú leis an Roinn/Coimisinéir Teangan ag tabhairt tosaíocht do na foilseacháin is mó éileamh orthu ó phobal na Gaeilge. Is ceart na foilseacháin sin a sholáthar don bpobal tríd an Deasc Sheirbhísí Chustaiméara.

- C. **Moladh:** Go n-aontóidh gach Comhlacht Poiblí **Liosta Cáipéisí Dáttheangacha** leis an Roinn/Coimisinéir Teangan bunaithe ar éileamh ó phobal na Gaeilge.
- D. **Moladh:** Go mbunófaí córas náisiúnta chun **Caighdeánú a dhéanamh ar Fhoilseacháin** áirithe comónta atá á n-eisiúint ag Comhlachtaí Poiblí éagsúla ar fud na tíre.
- E. **Moladh:** Go n-aithneofaí na **Foirmeacha** agus **Bileoga Eolais** is mó a chuirtear ar fáil agus go ndéantar leagan amháin comónta dáttheangach a fhorbairt agus a fhoilsiú.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008).

Dualgais reatha faoin Acht: • Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Tá siad i gceart ach tá géar gá le Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta a chur ar aon dul le Rialacháin an Achta. Is minic go dtagann an treoirt sa Lámhleabhar salach ar na Rialacháin agus bíonn sé fíor-dheacair ar Chomhlachtaí Poiblí agus ar chomhlachtaí comharthaíochta idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

- F. **Moladh:** Is ceart **Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta** a chomhnascadh le na **Rialacháin Chomharthaíochta faoin Acht Teanga** in aon cháipéis amháin a bheadh mar threoirt comónta do chomharthaíocht dáttheangach don earráil phoiblí agus go n-úsáidfí téacs dath-chódaithe (seachas cló iodálach) chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá theanga - féach moltaí Garrett Reil agus Conradh na Gaeilge i 2009 thíos.



Scéimeanna Teanga faoin Acht. Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.









4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?

Bheadh córas na scéimeanna teangan sásúil dá gcuirfí an fhoireann chuí ar fáil don Roinn chun an córas agus oibre a bhaineann leis a láimhseáil - tá an-iomarca moille á n-aontú.

4.(b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?

Bheadh sé níos éifeachtaí ag an bpointe seo **bun chuspóirí ón Acht agus ó Scéimeanna** na gComhlachtaí Poiblí a leagaint síos mar chaighdeán nua bunaithe ar rialacháin reachtúla ar nós an seicliosta samplach thíos (ó Dhún na nGall).

G. Moladh: Bun chuspóirí ón Acht agus ó na Scéimeanna a chur i bhfoirm rialacháin reachtúla don Eanáil Phoiblí le feidhmiú tríd Deasc Sheirbhísí Chustaiméara Lárnach in áit na Scéimeanna Gaeilge seo.

SEICLIOSTA GAEILGE DON bhFOIREANN 	
(le cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003)	
 Comhfheagras & Staiseanóireacht	<p>Gach comhfheagras a fhaightear i nGaeilge (leictreonach san áireamh) caithfear é a fhreagairt i nGaeilge.</p> <p>Más tú a chuireann tús le comhfheagras le heolas a chur ar fáil don phobal, caithfidh sé bheith i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Caithfidh gach páipéarachas agus staiseanóireacht bheith go hiomlán dátheangach; .i. ainm seirbhíse, seoladh, sonraí teagmhála srl.</p>
 Foirmeacha iarratais	<p>Ba chóir gach foirm iarratais a sheoladh, agus a chur ar taispeáint, i nGaeilge agus i mBéarla.</p>
 Glaonna Gutháin	<p>Ba chóir gach glaoch fóin ón bpobal a fhreagairt i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla: msh. ainm seirbhíse nó beannú.</p> <p>Ba chóir do gach oifig féachaint le cainteoir(i) Gaeilge a cheapadh le plé le glaonna fóin i nGaeilge</p>
 Suímh Idirlín	<p>Caithfidh gach ábhar ar shuíomh idirlín na heagraíochta bheith i nGaeilge agus i mBéarla, ag an am céanna.</p> <p>Má tá aon suíomh idirlín eile fé chúram ag d'oifig ar son na heagraíochta, ba chóir ábhar seasta ar an suíomh seo a bheith i nGaeilge leis.</p>
Preas-Ráitis & Fógraí Poiblí	<p>Caithfear gach preas-ráiteas a eisiúint go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla, ag an am céanna, chuig na meán cuí.</p> <p>Caithfear gach fógra poiblí nuachtáin a chlúdaíonn an Contae nó ceantar Gaeltachta a fhoilsiú go dá-theangach.</p>
 Bileoga & Cáipéisí	<p>Caithfidh gach bileog eolais nó bróisiúir (ms., tionscadail, imeachtaí, eolas ginearálta srl) a bheith i nGaeilge agus i mBéarla, ag an am céanna.</p> <p>Caithfidh gach doiciméad mórbeartais, tuarascáil bhliantúil, ráiteas bliantúil airgeadais bheith i nGaeilge agus i mBéarla, ag an am céanna.</p>
 Ag obair sa Gaeltacht	<p>Ag obair sa Gaeltacht (msh. scoileanna, cruinnithe, tionscnaimh) ceap ball foirme le Gaeilge agus úsáid an oiread Gaeilge agus is féidir, nuair is féidir.</p> <p>Ba chóir do bhaill foirne atá lonnaithe in Oifigí Gaeltachta (Ionaid, Leabharlanna, Stáisiúin Dóiteáin, srl) Gaeilge a labhairt lena chéile san oifig.</p>
 Comharthaíocht www.logainm.ie	<p>Caithfidh comharthaí na Comhairle (oifig, tionscadal, amuigh srl) a bheith i nGaeilge nó dátheangach, leis an nGaeilge chun tosaigh, chomh mór agus chomh feiceálach leis an mBéarla. (msh. gan cló lodálach)</p> <p>Tabharfar túsáite don nGaeilge ar Chomharthaí Gaeltachta dhátheangacha.</p> <p>Tá gach comhartha bóthair, comharthaí rabhaidh san áireamh, faoi réir ag rialacháin dhátheangacha sa Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtá, 2010.</p>

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht. Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5.(a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?

Tríd is tríd is deacair a bheith sásta leis na seirbhísí trí Ghaeilge á sholáthraíonn Comhlachtaí Poiblí sa Ghaeltacht. Tá na seirbhísí sin ag braith go huile agus go hiomlán ar chaighdeán Gaeilge oifigigh na gComhlachtaí Poiblí sa Ghaeltacht agus cé go mbíonn 'cúpla focal' ag cuid mhaith acu is beag duine atá líofa nó ábalta gnó iomlán a dhéanamh as Gaeilge.

5.(b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

H. Moladh: Go mbeidh an Ghaeilge mar bhunriachtanais d'éinne ón earnáil phoiblí atá lonnaithe agus **ag obair sa Ghaeltacht**. Agus dá bharr, go gcuirfí tús le próiseas oiliúna/earcaíochta a chinnteoidh go mbeidh Gaeilge ag gach ball foirne ón earnáil phoiblí atá ag obair sa Ghaeltacht (lonnaithe ann nó obair go rialta ann) laistigh de 3 bhliana.

Forálacha eile faoin Acht. Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Tá na forálacha eile fén Acht ceart ach tá litriú na logainmneacha Gaeilge ar fud na bhfud. Níl aon leanúnachas síos tríd agus is minic litriú áit in úsáid de bharr go nglactar le litriú stairiúil mar fhocal Dé msh. Oileán Ciarraí in áit Oileán Chiarraí. Is cóir an litriú a thabhairt suas chun dáta de réir caighdeán a chothóidh leanúnachas litríochta. Sampla eile is ea Derrymore i gCiarraí, áit a bhfuil 4 leagan éagsúil den logainm Gaeilge, sé sin Doire Mór, An Doire Mór Thiar, Oileán Doire Mhóir agus Trá Dhoire Mhóir agus leagan amháin sa Bhearla!!

Comhlachtaí poiblí faoin Acht. Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí trú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?

Tá liosta na gcomhlachtaí poiblí fén Acht cuí.

Oifig an Choimisinéara Teanga. Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?

Tá cumhachtaí agus feidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teangan ceart agus cuí. Tá an oifig seo ana-éifeachtach ó thaobh cearta saoránaigh a chosaint, tá muintín an phobail acu ó bhunaíodh é i 2004 agus táid réamhghníomhach i gcur chun cinn dea-chleachtais teangan.

- I. **Moladh: Gan Oifig an Choimisinéara Teanga a dhúnadh** mar oifig reachtúil neamhspleách, agus a cuid feidhmeanna ar fad a chur isteach faoi Oifig an Ombudsman mar chuid de phlean athchóirithe don Earnáil Phoiblí.
- J. **Moladh: Go gcoimeádfai Oifig an Choimisinéara Teangan lonnaithe sa Ghaeltacht** agus gan a stádas ná cumhacht a ísliú.

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?

- K. **Moladh: Go mbeidh dualgas reachtúil ar Chomhlacht Poiblí Oifigeach Forbartha Gaeilge** le Gaeilge líofa a earcú go sonrach chun seirbhísí Gaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn sa Chomhlacht sin, an Deasc Seirbhísí Chustaiméara ina measc.
- L. **Moladh: Go mbeidh Alt II d'Acht na dTithe 1988 ar aon dul le Alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt i gcás Tithíocht Sóisialta sa Ghaeltacht** ar mhaithe leis an nGaeilge a chosaint mar theanga pobail i gCeantair Catagóir A na Gaeltachta.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

Is é forbairt **Deasc Sheirbhísí Chustaiméara** agus **Seirbhísí trí Ghaeilge sa Ghaeltacht** ó Chomhlachtaí Poiblí na seirbhísí gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?

Is é an constaic is mó ná **easpa líofacht i measc oifigigh foirne san Earnáil Phoiblí** agus is é an leigheas is éifeachtaí agus is saoire don Stát ná próiseas nua earcaíochta a chur in áit, mar atá molta ag an gCoimisinéir Teangan.

Le próiseas nua earcaíochta a thabharfadh aitheantas dáiríre d'inniúlacht in dhá theanga oifigiúil an Stáit, bheadh ciorrú ar an gcaiteachas ar sheirbhísí aistriúcháin, oiliúint foirne le Gaeilge agus eile in imeacht ama.

Thabharfadh an próiseas seo líon ard daoine atá líofa sa Ghaeilge isteach sa chóras de réir a chéile, gan costas breise ar an Stát.

12. Céard iad na leasuithe a mholfa ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Moltaí A-L mar atá leagtha amach thuas, ach go háirithe an **Deasc Sheirbhísí Chustaiméara Lárnach, Próiseas Nua Earcaíochta** agus **Bun riachtanais Teangan d'oibrithe sa Ghaeltacht**.

Cinntoidh na leasuithe seo ar an Acht go bhféadfadh an Earnáil Phoiblí dul chun cinn suntasach a dhéanamh ó thaobh seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge do phobal Gaeilge na hÉireann i slí a bheadh fíor-éifeachtach ó thaobh airgid de agus ó thaobh ama de.

Chuireadh sé an riachtanas chun inniúlacht sa Ghaeilge a mhúineadh do bhaill foirne ar ais ar an Roinn agus ar an gCóras Oideachais, áit gur cheart dó a bheith, rud a fhágadh an Earnáil Phoiblí saor chun díriú isteach ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, agus chun barr-feabhais a chur ar a gcuid seirbhísí in dhá theanga oifigiúil an Stáit.

Chabhródh an comhoibriú seo idir Ranna Stáit go mór le Straitéis 20 Bliain an Rialtais don nGaeilge a fheidhmiú ar bheagán costas.